Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**5760/23**

**LIMITE**

**CORLX 110**
**CFSP/PESC 152**
**EPF AM 18**
**FIN 94**
**COAFR 42**
**ACP 12**
**COPS 50**
**POLMIL 15**

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 |

1. Mhol an tArdionadaí don Choiste Polaitiúil agus Slándála gníomhaíocht faoin mbeart cúnaimh a fhormheas i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram. Tá cuid den ghníomhaíocht seo le cur chun feidhme ag eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise COGINTA.

2. Dá bhrí sin, ba cheart liosta na n-eintiteas a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 i gCinneadh (CBES) 2022/667 a leasú chun COGINTA a chur san áireamh.

3. An 27 Eanáir 2023, chuir an tArdionadaí togra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 (5758/23).

4. An 20 Feabhra 2023, tháinig Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach (RELEX) ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

5. Ar an mbonn sin, iarrtar ar Coreper an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle a dhearbhú;

– a mholadh don Chomhairle Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022-2024 mar a leagtar amach in 5759/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.

PUBLIC